Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/955

7.2.2025

**Foilsiú iarratais ar fhormheas a dhéanamh ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(C/2025/955)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige agus atá bunaithe nó ina chónaí i dtríú tír, ([1]) freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

IARRATAS AR LEASÚ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS AR SHONRAÍOCHT TÁIRGE LE hAGHAIDH AINMNIÚCHÁN TIONSCNAIMH FAOI CHOSAINT NÓ TÁSC GEOGRAFACH FAOI CHOSAINT

**'Chosco de Tineo'**

**Uimh. AE: PGI-ES-0696-AM02**

**Arna chur isteach an 17.11.2022**

1. **Ainm an táirge**

'Chosco de Tineo'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC [ ] TGFC [X]

3. **Iarratasóir agus leas dlisteanach**

An Ard-Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tuaithe agus Agraibhia — Rialtas Asturias

—

4. **Ballstát**

An Spáinn

5. **Ceannteideal sa tsonraíocht táirge dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear**

☐ Ainm an táirge

☐ Nasc

☒ Srianta margaíochta

6. **Míniú go dtagann an leasú nó na leasuithe faoin sainmhíniú ar leasú ar leibhéal an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012**

Meastar gur leasuithe ar leibhéal an Aontais iad na leasuithe sin, ós rud é go bhfuil an fhéidearthacht raon na bhformáidí nua díolacháin le haghaidh *chosco* cócaráilte pacáistithe a leathnú teoranta don limistéar táirgeachta.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú agus na cúiseanna atá leis**

Srianta margaíochta

Tuairisc

An fhoclaíocht atá ann faoi láthair:

'Féadfar an *chosco* a dhíol ina iomláine, é cócaráilte nó neamhchócaráilte. Ní aon srian pacáistithe ann le haghaidh *chosco* neamhchócaráilte. Ní mór *chosco* cócaráilte a bheith pacáistithe ar chúiseanna a bhaineann le sábháilteacht bia agus chun an cháilíocht a chaomhnú, toisc go ndéantar níos boige stéig na muice a úsáidtear le haghaidh na cásála nuair a chócaráiltear é, rud a fhágann go mbíonn sé níos leochailí i dtaobh tosca seachtracha a d'fhéadfadh a fhágáil go scoiltfeadh sé le linn na láimhseála. Ní mór é a phacáil ar áitribh an táirgeora sula seolfar é, dá bhrí sin.'

cuirtear an fhoclaíocht seo a leanas in ionad na foclaíochta sin:

'Féadfar an *chosco* a dhíol ina iomláine, é cócaráilte nó neamhchócaráilte. Ina theannta sin, is féidir an *chosco* cócaráilte a dhíol ina leath nó i slisní. Ní aon srian pacáistithe ann le haghaidh *chosco* neamhchócaráilte. Ní mór *chosco* cócaráilte, a dhíoltar ina iomláine, ina leath nó i slisní a phacáistiú ar chúiseanna a bhaineann le sábháilteacht bia agus chun an cháilíocht a chaomhnú, toisc go ndéantar níos boige stéig na muice a úsáidtear le haghaidh na cásála nuair a chócaráiltear é, rud a fhágann go mbíonn sé níos leochailí i dtaobh tosca seachtracha a d'fhéadfadh a fhágáil go scoiltfeadh sé le linn na láimhseála. Ní mór é a phacáistiú ar áitribh an táirgeora sula seolfar é, dá bhrí sin.'

Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair freisin.

Achoimre ar na cúiseanna a bhfuil gá leis an leasú

Cúiseanna

Cuireadh formáidí nua díolacháin san áireamh mar thoradh ar éileamh reatha na dtomhaltóirí, toisc go bhfuil formáidí níos lú ann anois chun cur amú bia a laghdú. Trí *chosco* cócaráilte a ghearradh ina shlisní nó ina leathphíosaí, ní athraítear saintréithe fíor-riachtanacha ná barántúlacht 'Chosco de Tineo', ar choinníoll go ndéanann foireann oilte an gearradh agus an láimhseáil a luaithe a chócaráiltear na píosaí in áitreabh an táirgeora. Laghdaíonn sé sin an dóchúlacht go roinnfear an táirge le linn láimhseála, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar cháilíocht, agus a chuireann cosc ar rioscaí sábháilteachta bia ós rud é gur táirge réidh le hithe é seo.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Chosco de Tineo'

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *An cineál táirge*

Aicme 1.2. Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.)

Cód Ainmníochta Comhcheangailte

16 – ULLMHÓIDÍ Ó FHEOIL, Ó ÉISC, Ó CHRÚSTAIGH, Ó MHOILISC NÓ Ó INVEIRTEABRAIGH UISCE EILE, NÓ Ó FHEITHIDÍ

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Táirge feola a dhéantar as gearrthacha áirithe luain muiceola agus teanga muice, a bhlaistítear le salann, paiprice agus gairleog, agus a phacáiltear i stéig muice, lena gcruthaítear an cruth is saintréith dó, agus a dheataítear agus a leasaítear gan é a chócaráil.

Bíonn cruth cruinn neamhrialta air agus bíonn sé idir 500 g agus 2 000 g meáchan. Bíonn dath ruánach air, raimhre theann aige agus cuma shainiúil air nuair a ghearrtar é toisc go bhféadtar na píosaí éagsúla feola a fheiceáil go soiléir.

Tá cion taise 40 % ar a laghad aige, tá an cion saille 41 % nó níos lú den ábhar tirim agus tá an cion próitéine níos mó ná 50 % den ábhar tirim.

Baineann an dea-bholadh agus blas le saintréithe ispín dheataithe, a d'fhéadfadh a bheith níos láidre nó níos laige ag brath ar an am deataithe, chomh maith le huigeacht mhéith.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Ní luaitear ceanglais ábhartha atá infheidhme maidir le beatha.

Úsáidtear na gearrthacha muiceola seo a leanas: méid íosta 80 % de luan agus méid íosta 15 % de theanga, a bhlaistítear le salann, paiprice agus gairleog.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Déantar an táirgeadh (roghnú agus gearradh an amhábhair, meascadh, líonadh, deatú agus triomú) sa limistéar geografach sainithe.

Déantar an *chosco* a dheatú chun é a leasú ag úsáid adhmad tirim de chineálacha áitiúla (dair, beith, feá nó crann cnó capaill), toisc go gcabhraíonn sé sin leis triomú sa limistéar seo a bhfuil bogthaise choibhneasta ard.

Ionas gur féidir a fhíorú go gcomhlíontar na ceanglais uile leis na nósanna imeachta táirgthe agus cáilíocht an táirge a chumhdaítear faoi TGFC, ní mór do ghnóthais táirgthe an doiciméadacht agus na cláir uile is gá a chomhlíonadh agus iad a chur ar fáil don chomhlacht rialúcháin. Áirítear leis an doiciméadacht sin:

— taifid ar sheachadtaí amhábhar, ina sonraítear an soláthróir, an nóta seachadta nó an uimhir shonraisc, an chainníocht, cineál an táirge agus an dáta seachadta. Ní mór baisceanna a shainaithint;

— taifid táirgthe, ina sonraítear céimeanna uile an phróisis táirgthe, lena n-áirítear na dátaí táirgthe, deataithe agus triomaithe, ag taispeáint na baiscuimhreach/na mbaiscuimhreacha amhábhair agus na baiscuimhreach táirgthe;

— taifid seolta don táirge críochnaithe, lena dtaispeántar an bhaiscuimhir, an dáta seolta, cainníocht an táirge, uimhir an nóta seolta agus an ceann scríbe;

— an clár baisceanna, ina mbaineann an t-amhábhar leis an táirge deiridh, bunaithe ar an bhfaisnéis ó na taifid táirgthe agus ó na taifid seolta, rud a áirithíonn inrianaitheacht.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Féadfar an *chosco* a dhíol ina iomláine, é cócaráilte nó neamhchócaráilte. Ina theannta sin, is féidir an *chosco* cócaráilte a dhíol ina leath nó i slisní. Ní aon srian pacáistithe ann le haghaidh *chosco* neamhchócaráilte. Ní mór *chosco* cócaráilte, a dhíoltar ina iomláine, ina leath nó i slisní a phacáistiú ar chúiseanna a bhaineann le sábháilteacht bia agus chun an cháilíocht a chaomhnú, toisc go ndéantar níos boige stéig na muice a úsáidtear le haghaidh na cásála nuair a chócaráiltear é, rud a fhágann go mbíonn sé níos leochailí i dtaobh tosca seachtracha a d'fhéadfadh a fhágáil go scoiltfeadh sé le linn na láimhseála. Ní mór é a phacáistiú ar áitribh an táirgeora sula seolfar é, dá bhrí sin.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Maidir leis na *choscos* uile a chuirtear ar an margadh mar TGFC 'Chosco de Tineo', gan beann ar an mbealach a gcuirtear i láthair iad, ní mór lipéad deimhniúcháin speisialta uimhrithe a bheith orthu, lipéad a bhfuil na focail 'Indicación Geográfica Protegida "Chosco de Tineo"' agus an lógó (ceanglas caighdeánach do gach táirgeoir) air, in éineacht leis an lipéad tráchtála. Ní mór an lipéad sin a ghreamú ar an táirge, sula seolfar é, ar bhealach a fhágann nach féidir é a athúsáid. Taispeántar an lipéad thíos sna trí rogha datha féideartha.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cumhdaítear sa limistéar táirgeachta bardais Allande, Belmonte de Miranda, Cangas del Narcea, Salas, Somiedo, Tineo, Valdés agus Villayón in iarthar Asturias (an Spáinn), i dtuaisceart Leithinis na hIbéire, áit a bhfuil teorainn leis na pobail féinrialaitheacha de Cantabria, an Chaistíl agus Leon, agus an Ghailís

Is é sin an limistéar táirgeachta a chumhdaítear le TGFC.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Scoiltear an t-achar gearr idir an cósta agus an dobharcheantar le fánaí géara go hiondúil, gnéithe oragrafacha as a dtagann dhá chrios faoi leith:

crios iartharach intíre ina bhfuil lomáin agus ritheoga a fhéachann ó dheas agus crios láir deisceartach atá sa tuaisceart a bhfuil raonta sléibhte an chósta ag dul soir siar, chomh maith le stiall bheag chósta.

Leis an gcumraíocht sin, leis an tír-raon aimhréidh, fiseagrafaíocht atá an-éagsúil agus go leor gleannta agus raonta sléibhte, lena gcruthaítear Cordillera Cantabrach, cruthaítear aeráid lena mbíonn go leor frasaíochta le linn na bliana, solas gréine measartha agus go leor scamall.

Anuas air sin, tá tionchar ollmhór ag oragrafaíocht agus aeráid an limistéir ar shlí mhaireachtála áitritheoirí na sráidbhailte sin, nach mór dóibh oiriúnú do dhálaí comhshaoil áitiúla.

Mar gheall ar na tréimhsí fada geimhridh ina raibh na sráidbhailte scoite amach agus an fhéidearthacht a bhaineann le saothrú acmhainní nádúrtha sa samhradh ar fhéaraigh na ritheog sléibhe, bhí feirmeoireacht beostoic ar cheann de na príomhbhealaí cothaithe. Bhí ról lárnach ag muca agus coinníodh iad sna sráidbhailte uile, toisc gurbh fhéidir na muca a bheathú le dramhaíl orgánach, seachtháirgí talmhaíochta (gais cabáistí, tornapaí, biatas, úlla damáistithe) agus acmhainní fiáine (castáin, dearcáin, fásra fiáin), a raibh flúirse de sa limistéar, rudaí a bhí ann de bharr an ghá le haghaidh féinsoláthair mar gheall ar an timpeallacht sin.

Leanadh d’fheirmeoireacht na muc dá bhrí sin. Ba mhuca de phóir Cheilteacha na muca a úsáideadh, agus bhíothas in ann an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní na tuaithe de bharr a saintréithe. Tá ainmhithe roghnaithe níos táirgiúla curtha in ionad na muc eile sin de réir a chéile, agus cé nach féidir leis na hainmhithe nua an ról athchúrsála a bhí ag na póir Cheilteacha a chomhlíonadh, cuireadh córais táirgthe in oiriúint agus úsáidtear a gcuid feola sa lá atá inniu ann in ‘Chosco de Tineo’, cé gurbh iad na muca a ramhraítear sa limistéar na cinn is mó tóir le haghaidh tháirgeadh an táirge seo fós.

An t-ispín speisialta sin, ar táirge de chuid limistéir é a raibh an t-amhábhar ar fáil go héasca, ba thoradh é freisin ar mhodhanna táirgthe a bhí ag teacht le dálaí áitiúla.

De bharr na bogthaise coibhneasta airde ó na dálaí atmaisféaracha, in éineacht leis na sráidbhailte a bheith scoite amach ó chomharsana le linn mhíonna an gheimhridh, forbraíodh bearta speisialta chun an táirge a leasú. Sa chás seo, deatú a bhí sa mhodh a glacadh chun an t-ispín a leasú agus a thriomú. Úsáideadh adhmad aitinn, rud a bhí ann go flúirseach sa limistéar, i dtús báire, rud a d’fhág gurbh fhéidir adhmaid dhúchasacha dhuilleacha eile a spáráil, cé gur tosaíodh ar a n-úsáid siúd in ionad aitinn de réir a chéile agus de réir mar a tháinig laghdú ar an tóir orthu chun críocha eile. Úsáidtear na hadhmaid sin sa lá atá inniu ann go fóill agus cuireann siad dea-bholadh agus blas ar an táirge atá cosúil leis an dea-bholadh agus blas ó adhmad aitinn, cé go bhfuil difríochtaí beaga ann.

Déantar deatú sa lá atá inniu ann ag úsáid na modhanna traidisiúnta fós, cé nach lastar an tine adhmaid ar an talamh a thuilleadh agus ina ionad sin bíonn an tine i sornóga iompair nó fearais inaistrithe eile a dtugtar *cocinas de ahumado* [soirn deataithe] orthu. Fágtar na *choscos* sna seomraí deataithe (*ahumaderos*) ar feadh 5 lá ar a laghad, agus bíonn siad ar crochadh ar bharraí atá nasctha leis an díon nó ar fhrámaí ar a dtugtar *carros*.

Déantar an fheoil a triomú tar éis an deataithe. Ní mór tagairt a dhéanamh d'ábharthacht phróiseas triomaithe seo na *vaqueiros de alzada* [aoirí bó siúlacha] a raibh cónaí orthu i sráidbhailte áirithe an limistéir. Chaith siad an saol ag tógáil beithíoch agus d'aistrigh siad go dtí na sléibhte arda lena dteaghlaigh agus lena mbeostoc (muca san áireamh) idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair. I measc na n-earraí a thug siad leo ar na haistir sin bhí *choscos*, a úsáideadh mar bhia tipiciúil le haghaidh na bhféarach sléibhe, áit ar cuireadh bailchríoch leo trí iad a thriomú ag airde níos airde. Sna cásanna nach ndearnadh na haistir sin, rinneadh an triomú in *hórreo*, déantús traidisiúnta a bhí an-aeráilte. Sa lá atá inniu ann, déantar é in áitribh a bhfuil aeráil mhaith ar feadh 8 lá ar a laghad go dtí go mbaintear amach an cion taise is gá.

Sainiúlacht an táirge

Déantar 'Chosco de Tineo' as gearrthacha luain muiceola agus teanga muice go heisiach, a bhlaistítear, a phacáiltear de láimh i stéig muice, a dheataítear agus a thriomaítear, na céimeanna lena dtugtar na saintréithe dó atá difriúil le saintréithe cineálacha eile ispíní. Nuair a ghearrtar iad, féadtar na píosaí éagsúla feola a úsáidtear a fheiceáil go soiléir. Ní cheadmhach an fheoil a mhionú.

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (maidir le ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá aige (maidir le TGFC)

Baineann saintréithe 'Chosco de Tineo' le timpeallacht nádúrtha an limistéir, áit a raibh ról thar a bheith tábhachtach ag pórú na muc, agus le modh táirgthe sonrach, a tháinig as aeráid bháistí agus tír-raon sléibhte a scoitheann na sráidbhailte amach óna chéile cuid den bhliain ar lámh amháin, agus ar an lámh eile, an fíoras gur ispín speisialta atá ann a dhéantar as gearrthacha ardcháilíochta, rud a chiallaíonn go gcoimeádtar é le haghaidh ócáidí speisialta de ghnáth.

I measc na dtáirgí a dhéantar nuair a mharaítear muca, tá *chosco* ar cheann de na táirgí is ceangailte leis an limistéar sainithe. Tugadh na modhanna táirgthe ó ghlúin go glúin, ag coinneáil an charachtair ceardaí, agus tá cáil iontach ar an táirge, rud a chruthaítear leis an meas atá ag an bpobal air chomh maith le tagairtí faisnéise.

Tá tagairtí i ndoiciméid Mhainistreacha Obona (Tineo), Corias (Cangas del Narcea) agus Belmonte, agus i bhfodhlíthe a ghlac bailte agus paróistí, tagairtí a léiríonn tábhacht phórú na muc sa limistéar. Taifeadtar in *Catastro de Ensenada* [clárlann na talún] go raibh an tréad ba mhó in Asturias ag an limistéar san 18ú céad. In 1897, sa saothar dar teideal *Asturias*, deir O. Bellmunt agus F. Canella gurb í pórú na muc ceann de na príomhfhoinsí saibhris atá ann, agus cuireann *Gran Enciclopedia Asturiana* (Gijón, 1980), agus J. E Lamuño i dtábhacht méid na margaí cáiliúla seachtainiúla le haghaidh bainbh bhalláin in Tineo.

I ndáil le próiseálaithe muiceola an réigiúin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil na próiseálaithe is cáiliúla lonnaithe in Tineo agus gurb iad a n-ispíní, agus 'Chosco de Tineo' go háirithe, an táirge bia is tábhachtaí sa limistéar. Sa dara leath den 19ú céad, in *Asturias*, bhí táirgeoirí ispíní i mbardas Valdés á lua ag O. Bellmunt agus F. Canella cheana féin agus faoi thús an 20ú céad, ba é Tineo suíomh mhonarcha ispíní La Asunción.

Níltear cinnte maidir le bunús an fhocail *chosco*, ach deir José Ántonio Fidalgo go bhféadann sé gur tháinig sé ón Laidin, *luscus*, focal a chiallaíonn súil amháin nó beagnach dall. Tagann an focal ón *mBaiblis*, teanga Iarthar Asturias, agus baineann sé go sonrach le hiardheisceart Asturias (Tineo, Allande, Cangas del Narcea, etc.). Sna Meánaoiseanna, cumhdaíodh leis an ainm 'Tineo' an ceantar ó Cabruñana en Salas go dtí Leitariegos sna sléibhte. Anuas air sin, tugadh Cangas de Tineo ar an áit, ar a dtugtar Cangas del Narcea sa lá atá inniu ann, go dtí an 19ú céad.

In 1920, i *Remembranzas de antaño y hogaño de la villa de Tineo*, scríobhann Claudio Zardaín, oiriseach, maidir le *chosco* a bhí á ithe ag féile áitiúil San Roque.

In 1929, déanann Dionisio Pérez (faoin ainm cleite 'Post-Thebussem'), tagairt in *Guía del buen comer español,* do *chosco* mar ispín agus dearbhaíonn sé gur mias traidisiúnta é in Tineo ar Lá San Roque.

In *Guía de Productos de la Tierra* (Maidrid, 1998), scríobhann Lucas Pallarés gur táirge uasal é *chosco* a bhfuil a bhunús le *vaqueiros de alzada*.

Déantar ceangal freisin in *Inventario Español de Productos Tradicionales*, arna fhoilsiú ag an Aireacht um Thalmhaíocht, Iascach agus Bia mar chuid den tionscadal 'Euroterroirs' arna chistiú ag an Aontas Eorpach, idir an táirge agus ceantar Tineo, óna bhfaigheann sé an t-ainm 'Chosco de Tineo'.

Déantar anailís go tráthrialta chun a áirithiú go gcoinnítear na tréithe fisiceacha agus orgánaileipteacha lena mbaineann a cháil. Tugtar na critéir a úsáidtear chun saintréithe an táirge a leagan síos agus torthaí na hanailíse i bpointe 3.2 den doiciméad seo. Ní ceadmhach dóibh sin a bheith éagsúil le himeacht ama.

Déanann an preas réigiúnach tuairiscí ar na féilte agus laethanta cócaireachta timpeall 'Chosco de Tineo' gach bliain.

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge**

https://run.gob.es/wzoChoscoU24